




Eleathanach 361



Dé Luain, an 5 Deireadh Fómhair 2020

Na Gealáin Thuaidh

Bhí na Gealáin Thuaidh le feiceáil sa spéir in Éirinn an tseachtain seo caite! Is é *Aurora Borealis* an t-ainm Laidine atá ar na Gealáin Thuaidh. Is cosúil gur thug Petrus Gassendus an t-ainm seo orthu tar éis dó iad a fheiceáil ó thuaisceart na Fraince sa bhliain 1621.

Bhí na Gealáin Thuaidh le feiceáil ó gach contae sa tír, ach bhí radharc níos fearr orthu i dtuaisceart na tíre. Bhí siad le feiceáil i rith na seachtaine ach is léir go raibh siad níos soiléire Dé Céadaoin.

Na dathanna a bhí le feiceáil ná bán, glas agus bándearg.

Ní bhíonn na Gealáin Thuaidh le feiceáil rómhinic in Éirinn, mar sin, tá súil againn go bhfaca tú iad!



Scéalta faisin

Tá péire buataisí deinime maisithe ar díol faoi láthair. Chaith Posh Spice (Victoria Beckham) iad. Tá a hainm, Victoria, scríofa ar na buataisí mar chuid den mhaisiúchán.

Cé nach bhfuil na buataisí nua, tá praghas an-ard orthu! Creid é nó ná creid, tá €4500 ar na buataisí. Chaith Victoria na buataisí agus í mar bhall den ghrúpa ceoil na *Spice Girls*

I scéal eile faoi chúrsaí faisin, bhain an grúpa Moschino úsáid as puipeíd chun na héadaí nua a dhear siad do 2021 a thaispeáint. Ar ndóigh, de bharr an choróinviris ní raibh cead acu daoine a thabhairt le chéile, mar sin, bhí an smaoineamh eile seo acu.

Bhí puipeíd in úsáid don lucht féachana chomh maith, agus bhí orthu éadaí an-bheag a chruthú do na puipeíd go léir!




Strictly Come Dancing 2020: ach an coróinvíreas ar iomaitheoir amháin!

Ní raibh aon duine cinnte an mbeadh *Strictly* ar ais i mbliana, ach is cosúil go mbeidh. Beidh an chéad chlár ar an teilifís ar an 17 Deireadh Fómhair le cláir bheo ón tseachtain ina dhiaidh sin.

Beidh neart daoine cáiliúla ag glacadh páirte i mbliana idir aisteoirí, laochra spóirt agus polaiteoirí.

An tseachtain seo caite tháinig scéal go raibh an coróinvíreas ar HRVY, an réalta *Youtube*. Tá súil aige go mbeidh biseach air in am don chomórtas.

Tá súil againn go mbeidh biseach orom



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláochta

